

Roghnaíodh do scoil le haghaidh staidéir ar a dtugtar TIMSS air, agus míneoidh an físeán seo duit mar gheall ar an staidéar seo. Tugann an físeán eolas ní hamháin duit féin, an scoláire, ach is féidir le do thuismitheoirí féachaint air chun eolas a fháil amach mar gheall ar TIMSS freisin.

Cad é TIMSS?

Seasann TIMSS le haghaidh Treochtaí i Staidéir Idirnáisiúnta Matamaitice agus Eolaíochta, agus tá sé faoi stiúr eagraíocht idirnáisiúnta darbh ainm an Cumann Idirnáisiúnta um Mheastóireacht ar Ghnóthachtáil Oideachais (IEA).

- Is staidéar é TIMSS a dhéanann comparáid ar conas atá ag éirí le scoláirí sa mhatamaitic agus san eolaíocht.
- Agus tarlaíonn sé seo gach ceithre bliana i dtíortha ar fud an domhain.
- In Éirinn, glacann daltaí i rang a ceathair sa bhunscoil agus scoláirí bhliain a dó in iarbhunscoileanna páirt sa staidéar.
- Déanann roinnt scoláirí an triail ar pháipéar, ach déanann roinnt eile í ar an ríomhaire, ach má dhéanann tú an triail ar pháipéar nó ar ríomhaire, an triail chéanna a bheidh ann sa mhatamaitic agus san eolaíocht.
- Tá suim ag múinteoirí agus ag an rialtas i dtorthaí TIMSS de bharr go dtugann siad eolas ar conas atá ag éirí le scoláirí ó thaobh na matamaitic agus na heolaíochta de, cad a oibríonn dóibh agus cad nach n-oibríonn dóibh.

Cad é an FTO?

- D'iarr an Roinn Oideachais ceist ar an bhForas Taighde ar Oideachas (nó an FTO) staidéar TIMSS a bhainistiú in Éirinn.
- Tá an FTO lonnaithe i mBaile Átha Cliath, agus is ann a dhéantar staidéar ar ghnéithe éagsúla den chóras oideachais.
- Mar shampla, reáchtálann sé staidéir mhóra idirnáisiúnta ar ábhair ar nós an léitheoireacht, an mhatamaitic, agus an eolaíocht in Éirinn.

Cad leis a bhaineann TIMSS?

- Ba mhaith linn gach scoláire sa dara bliain sa tír iomlán a thástáil ach tá thart ar 72,000 i gceist agus mar sin níl sé de chumas orainn é sin a dhéanamh! Ina ionad sin, roghnaímid ranganna go fánach chun ionadaíocht a dhéanamh ar an tír go léir. San iomlán, glacfaidh níos mó ná 5,000 scoláire páirt sa staidéar in Éirinn agus beidh an grúpa scoláirí seo cosúil leis an daonra ar an iomlán. Mar sin, má cuireadh ceist ort páirt a ghlacadh in TIMSS i mbliana, tá tú mar chuid de shampla ionadaíoch na hÉireann.
- Mar chuid den staidéar TIMSS, cuirfear ceist ort triail a dhéanamh ina bhfuil ceisteanna matamaitice agus eolaíochta. Leanfaidh an triail thart ar uair go leith le briseadh gearr sa lár. Ina dhiaidh sin, iarrfar ort páipéir an cheistneora a líonadh isteach, a chuireann ceisteanna mar gheall ar do thaithí le trialacha. Tógfaidh sé níos lú ná cúig nóiméad ort an ceistneoir a líonadh isteach. Faoi dheireadh iarrfar ort ceistneoir a líonadh isteach, a chuireann ceisteanna fút féin, do thuairimí mar gheall ar an scoil agus do thuairimí mar gheall ar an matamaitic agus an eolaíocht. Freagrófar na ceisteanna seo ar pháipéar, más rud é go ndearna tú an triail ar pháipéar, nó ar ríomhaire, más rud é go ndearna tú an triail ar ríomhaire. Beidh 30 nóiméad de dhíth ort chun an ceistneoir a líonadh isteach. Fiú amháin muna bhfuil gá duit staidéar a dhéanamh le haghaidh an triail TIMSS, ba mhaith linn go

ndéanfá do dhícheall ionas go mbeidh cumas matamaitice agus eolaíochta scoláirí sa dara bliain ar eolas againn agus go mbeidh taithí scoile na scoláirí seo ar eolas againn chomh maith.

Cad a tharlaíonn ar lá na tástála?

- Tarlaíonn TIMSS i do scoil féin, le linn maidin amháin. Ar lá na tástála, tar go dtí an rang mar is gnách agus tabharfaidh an múinteoir treoracha duit.

Is éard a bheidh i gceist le TIMSS ná:

- an chéad cuid den triail a mhairfidh 45 nóiméad
- beidh briseadh gearr agat ansin
- agus ansin déanfaidh tú an dara cuid den triail a mhairfidh 45 nóiméad.
- tar éis na trialach, tabharfar ceistneoir gearr 5-nóiméad duit a lorgóidh do chuid tuairimí faoin triail.
- ansin beidh briseadh gearr eile agat.
- Agus ansin, ar deireadh, tabharfar 30 nóiméad eile duit an ceistneoir fút féin agus do thaithí scoile a fhreagairt.
- Ansin beidh deireadh leis an triail!

Ceisteanna Coitianta

An bhfuil TIMSS cosúil le trialacha eile atá déanta agam ar scoil?

B'fhéidir go mbeaidh an triail TIMSS cosúil le trialacha eile a tugadh duit ar scoil mar go bhfuil ceisteanna ar roinnt de na rudaí a múineadh duit i do ranganna matamaitice agus eolaíochta.

Difríocht thábhachtach amháin ná nach n-úsáidfear TIMSS chun tuairisc aonair a dhéanamh ar conas ar éirigh leat sa triail, mar a bhfaighfeá i gcás trialacha eile. Tugann TIMSS eolas cruinn dúinn faoin méid atá ar eolas ag grúpaí móra de scoláirí agus cad is féidir leo a dhéanamh sa mhatamaitic agus san eolaíocht, mar shampla conas is féidir comparáid a dhéanamh idir scoláirí in Éirinn agus scoláirí san Fhionlainn.

An bhfaigheann gach duine an triail chéanna?

Ní fhaigheann agus is pointe tábhachtach é seo. Tá ana-cuid ceisteanna matamaitice agus eolaíochta i TIMSS: tá roinnt díobh níos éasca agus roinnt díobh níos deacra. B'fhéidir go bhfaighfeá ceisteanna atá níos éasca, agus b'fhéidir go bhfaighfeá ceisteanna atá níos deacra agus tá sé sin go léir ar bhonn fánach.

Mar sin, má thógann tú an triail TIMSS agus má tá sé deacair duit agus má thógann do chara é agus tá sé éasca dó/di, ná déan dearmad go bhfuil gach seans go bhfuil tú ag freagairt sraith ceisteanna atá an-éagsúil agus go bhfuil gach taithí a bhaineann le TIMSS difriúil.

Cad a tharlaíonn muna gceapaim go bhfuilim go maith ag an matamaitic agus ag an eolaíocht?

Fiú amháin muna gceapann tú go bhfuil tú go maith ag an matamaitic nó ag an eolaíocht, tá do fhreagraí díreach chomh tábhachtach le freagraí na ndaoine a cheapann go bhfuil siad go maith ag an matamaitic nó ag an eolaíocht. An t-aon rud atá uainn ná go ndéanfaidh tú do dhícheall.

An bhfeicfidh aon duine mo fhreagraí?

Tá do fhreagraí agus na ceistneoirí sa scrúdú TIMSS faoi rún agus ní féidir iad a aithint de ach trí CA (ID) in úsáid.

Cén fáth ar chóir dom páirt a ghlacadh?

Tá TIMSS tábhachtach mar cuireann sé eolas ar fáil don Roinn Oideachais faoin dul chun cinn i bhfoghlaim na matamaitice agus na heolaíochta i measc scoláirí in Éirinn. Úsáidfidh an Roinn Oideachais an t-eolas seo chun bealaí a aithint leis an gcóras oideachais a fheabhsú. Mar sin, tá sé tábhachtach do dhícheall a dhéanamh chun na ceisteanna sa triail agus sna ceistneoirí a fhreagairt. Má dhéantar sin, léireoidh na freagraí conas atá ag éirí le scoláirí an dara bliain agus tuairimí na scoláirí seo. Ach muna dteastaíonn uait (ná do thuismitheoirí nó caomhnóirí) páirt a ghlacadh in TIMSS, is féidir leat an fhoirm aistarraingthe a líonadh isteach agus a thabhairt ar ais chuig do mhúinteoir.

Tá súil againn go mbainfidh tú taitneamh as a bheith ag glacadh páirt in TIMSS. Má tá tú buartha faoin triail TIMSS, labhair le do mhúinteoir agus do thuismitheoirí nó caomhnóirí roimh lá na tástála. Má tá ceisteanna agat, cur ceist ar do mhúinteoir nó ar do thuismitheoirí nó caomhnóirí ríomhphost a sheoladh chugainn ag timms.ireland@erc.ie

Go raibh maith agat as ucht féachaint air seo!